Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**8560/18**
**ADD 3**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0113 (COD)**

**DRS 21**
**CODEC 719**
**IA 119**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Aibreán 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 142 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí agus Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 142 final.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 142 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.4.2018
SWD(2018) 142 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le húsáid uirlisí agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí**

**agus**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshónna, cumaisc agus deighiltí trasteorann**

{COM(2018) 239 final} - {COM(2018) 241 final} - {SWD(2018) 141 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar phacáiste Dhlí Cuideachtaí AE: an úsáid is fearr a bhaint as réitigh dhigiteacha agus rialacha éifeachtúla a sholáthar le haghaidh oibríochtaí trasteorann agus, san am céanna, urraim a thabhairt do shainphribhléidí náisiúnta ó thaobh cúrsaí sóisialta agus dhlí an tsaothair de |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Is amhlaidh nach bhfuil na rialacha náisiúnta maidir le húsáid uirlisí digiteacha (e.g. le haghaidh clárú agus comhdú sa chlár gnó) ag teacht le chéile ó thír go tír nó nach ann dóibh ar chor ar bith agus, i reachtaíocht AE mar atá, ní dhéantar foráil ach maidir le húsáid an-teoranta a bhaint as na huirlisí sin. Go háirithe, ní dhéantar aon fhoráil maidir le cuideachtaí a chlárú ar líne. Ós rud é nach féidir uirlisí digiteacha ábhartha a úsáid, is bac é sin ar chuideachtaí a bhfuil a gceart chun saoirse bunaíochta á fheidhmiú acu. Ar an gcaoi chéanna, de bharr nach bhfuil creat dlíthiúil iontaofa ag AE maidir le deighiltí agus comhshónna trasteorann agus de bharr neamhéifeachtúlachtaí sna rialacha reatha atá ag AE maidir le cumaisc thrasteorann, bíonn deacrachtaí ag cuideachtaí margaí a rochtain i mBallstáit eile agus is minic is gá dóibh dul i dtuilleamaí roghanna malartacha costasacha ar nósanna imeachta díreacha. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an méid sin cuideachtaí ó ghnó a dhéanamh ar bhonn trasteorann, go háirithe más FBManna iad. Tá éiginnteacht ann i measc páirtithe leasmhara ábhartha (fostaithe, creidiúnaithe, scairshealbhóirí mionlaigh agus tríú páirtithe eile) faoina gcearta agus faoina gcosaintí i gcásanna trasteorann. Cuirtear leis an méid sin de dheasca na héagsúlachta i rialacha náisiúnta na heasaontachta dlíthe. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é an cuspóir atá ann an Margadh Aonair a fhorbairt, a dhoimhniú agus cur lena chothroime agus lena intuartha atá sé trí mhéadú ar an úsáid fhreagrach a bhaineann cuideachtaí as na deiseanna a sholáthraíonn an Margadh Aonair. Táthar ag súil leis go spreagfaí poist, fás agus infheistíocht a bhuí leis an tionscnamh seo, agus go n-imreofaí tionchar dearfach ar FBManna go háirithe. Chomh maith leis sin, táthar ag súil leis go dtacófar le cruthú an mhargaidh aonair dhigitigh tríd an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí digiteacha a fheabhsú i rith saolré cuideachta. Táthar ag súil leis go dtabharfaí breis deimhneacht dhlíthiúil do chuideachtaí agus go laghdófaí costais mar thoradh air, agus san am céanna go gcuirfí cosaint éifeachtach ar fáil d'fhostaithe, do chreidiúnaithe, do scairshealbhóirí mionlaigh agus do thríú páirtithe. Ar an iomlán, táthar ag súil leis go soláthrófaí creat cothrom ina mbeadh úsáid na saoirse bunaíochta, atá cumhdaithe sa Chonradh ar AE, ag teacht go dlúth le cosaint a dhéanamh ar shainphribhléidí náisiúnta ó thaobh chúrsaí sóisialta agus dhlí an tsaothair de, i gcomhréir le Colún Eorpach na gceart sóisialta. Beidh an tionscnamh seo ina chomhlánú ar thionscnaimh AE eile amhail an Tairseach Aonair Dhigiteach. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal AE?** |
| Tá breisluach soiléir ag baint le dul i ngleic leis na fadhbanna sin ar leibhéal AE. Is é is cúis go príomha leis na fadhbanna reatha rialacha náisiúnta éagsúla, easpa rialacha iomchuí nó an gá leis na rialacha AE atá anois ann a nuachóiriú. Ní fhéadfadh na Ballstáit ag gníomhú dóibh ina n-aonar deireadh sásúil a chur leis na bacainní ar an tsaoirse bhunaíochta mar gur ghá rialacha agus nósanna imeachta náisiúnta a bheith comhoiriúnach le chéile chun go mbeidís infheidhmithe i gcás trasteorann. Ar an gcaoi chéanna, ní fhéadfadh na Ballstáit ag gníomhú dóibh ina n-aonar coimircí a bhunú le haghaidh páirtithe leasmhara i gcásanna trasteorann. D'aithin an Chúirt Bhreithiúnais arís agus arís eile nach bhféadfaí na difríochtaí uile sna rialacha náisiúnta a réiteach leis an dlí-eolaíocht ach gur ghá déileáil leo le reachtaíocht nó coinbhinsiúin amach anseo (C-81/87 mír 21 go 23, C-208/00 mír 69, C-210/06 mír 108). |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Breithníodh roinnt roghanna beartais chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as uirlisí agus próisis dhigiteacha, cumaisc, deighiltí agus comhshónna trasteorann agus easaontachtaí dlí a réiteach. Roghnaíodh roghanna tosaíochta le haghaidh gach ceann de na réimsí beartais sin. I dtaca leis na roghanna tosaíochta a bhaineann le feabhas a chur ar úsáid uirlisí agus próiseas digiteach, thabharfaí isteach rialacha comhchuibhithe leo maidir le cuideachtaí agus brainsí a chlárú ar líne agus doiciméid cuideachtaí a chomhdú, mar aon le breis trédhearcachta ó thaobh faisnéis a bhaineann le cuideachtaí i gcláir ghnó. I gcás oibríochtaí trasteorann, maidir |

le faisnéis, comhairliúchán agus rannpháirteachas i leith fostaithe, sna roghanna tosaíochta, i) thabharfaí isteach leasuithe spriocdhírithe ar rialacha cumasc trasteorann reatha, ii) ina theannta sin, chuirfí i bhfeidhm iad maidir le deighiltí agus comhshónna trasteorann, agus iii) dhéanfaí foráil maidir le bearta sonracha i gcomhair deighiltí agus comhshónna trasteorann toisc go mbraitear rioscaí níos airde a bheith ann d'fhostaithe sna hoibríochtaí sin. Leis na roghanna tosaíochta thabharfaí isteach rialacha comhchuibhithe freisin chun creidiúnaithe agus scairshealbhóirí mionlaigh a chosaint i ngach oibríocht trasteorann. I dtaca le comhshónna trasteorann, thabharfaí rialacha agus nósanna imeachta isteach leis an rogha thosaíochta faoinar ghá do na Ballstáit a mheas, de réir an cháis, cé acu an ionann nó nach ionann an comhshó trasteorann atá i gceist agus socrú saorga arb é is aidhm leis buntáistí míchuí cánach a bhreith nó dochar míchuí a dhéanamh do chearta fostaithe nó scairshealbhóirí mionlaigh. I dtaca le heasaontacht dlíthe, leis an rogha thosaíochta dhéanfaí na rialacha ábhartha a chomhchuibhiú, go háirithe an nascfhachtóir bunaithe ar áit chorpraithe na cuideachta. Ar an iomlán, comhlánaíonn na roghanna tosaíochta a chéile ó thaobh cur le cuspóirí beartais an tionscnaimh. Fágann sin go mbainfí an tionchar ba mhó amach ach na cúig réimse beartais ar fad a chur san áireamh sa phacáiste. Mar sin féin, tá na réimsí beartais neamhspleách agus ní fhéadfaí ach cuid acu a chur san áireamh sa phacáiste.

**Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo**

Bunaithe ar thoradh comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, tá tromlach na mBallstát agus na ngnólachtaí go mór i bhfabhar rialacha comhchuibhithe i dtaca le huirlisí agus próisis dhigiteacha, ach ní mheasann na ceardchumainn gur tosaíocht iad agus tá na nótairí ina gcoinne. Tá gach páirtí leasmhar, go háirithe iad siúd ar fad a thug freagra ar chomhairliúchán poiblí 2017, i bhfabhar rialacha comhchuibhithe maidir le comhshónna trasteorann. Tá na Ballstáit, gnólachtaí agus nótairí i bhfabhar deighiltí trasteorann ach tá na ceardchumainn ina gcoinne. Aithníonn gach freagróir, seachas na nótairí, an gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cumaisc Thrasteorann, cé go measann siad gur tosaíocht íseal é. I dtaca le heasaontacht dlíthe, tá na Ballstáit agus na gnólachtaí a thug freagra ar chomhairliúchán 2017 i bhfabhar na mbeart atá beartaithe cé nach dóigh leis na ceardchumainn ná na nótairí go bhfuil gá le beart ó AE.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Leis an tionscnamh seo chuirfí ar chumas cuideachtaí a sonraí a chlárú, a chomhdú agus a leasú ina n-iomláine ar chláir ghnó ar líne. Meastar go ndéanfaidh cuideachtaí nua a chlárófar in AE coigilteas idir EUR 42-84 milliún mar gheall ar chlárú ar líne a thabhairt isteach. Chomh maith leis sin, ní bheadh cuideachtaí in ann faisnéis áirithe a chomhdú ach uair amháin; bheadh rochtain ní b'éasca ag páirtithe leasmhara ar fhaisnéis chuideachta i gcláir ghnó. Táthar ag súil leis go ndéanfar coigilteas idir EUR 12 000 agus EUR 37 000 in aghaidh na hoibríochtaí le haghaidh deighiltí agus idir EUR 12 000 agus EUR 19 000 in aghaidh na hoibríochta le haghaidh comhshónna as rialacha nua maidir le deighiltí agus comhshónna, cé go mbraithfidh na laghduithe costais cruinne ar na rialacha nós imeachta deiridh a ghlacfar agus ar na costais chomhlíonta lena mbaineann. Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar sóisialta dearfach ag cosaint ceart a bhaineann le rannpháirteachas fostaithe agus ag faisnéis fheabhsaithe d'fhostaithe in oibríochtaí trasteorann. Bhainfeadh creidiúnaithe agus scairshealbhóirí mionlaigh leas as cosaint chomhchuibhithe agus, dá réir sin, as cinnteacht dhlíthiúil. Le rialacha na heasaontachta dlí d'fheabhsófaí cinnteacht dhlíthiúil, agus bheadh buntáistí eacnamaíocha ann dá bharr.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Leis an tionscnamh seo cheanglófaí ar na Ballstáit rialacha a achtú nó córais a bhunú nó a oiriúnú lena bhféadfaí cuideachtaí a chlárú ar líne. Mar sin féin, léiríonn taithí na dtíortha a bhfuil digitiú déanta cheana féin acu ar a nósanna imeachta cláraithe agus comhdaithe nach fada go n-aisghabhfar na costais a bhaineann leis na forbairtí sin agus go méadaítear ar éifeachtúlacht fheidhmiú an riaracháin phoiblí. Cé nach mbeidh tionchar aige sin ar ról nótairí dáiríre, i roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé gur ghá an modh ina soláthraítear seirbhísí nótaireachta a oiriúnú i gcomhréir leis na roghanna tosaíochta agus leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm cheana féin ("an Rialachán e-IDAS"). Mar thoradh ar mhéadú ar oibríochtaí trasteorann d'fhéadfadh glanlaghdú teacht ar líon na gcuideachtaí i roinnt Ballstát agus glanmhéadú teacht ar líon na gcuideachtaí i mBallstáit eile. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige sin ar chánachas i roinnt Ballstát, ach ba cheart go maolófaí an tionchar sin trí thabhairt isteach coimircí i gcoinne na rioscaí a bhaineann le mí-úsáid shóisialta agus chánach.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

D'imreofaí tionchar dearfach ar FBManna, agus ar fhiontair bheaga agus micrifhiontair go háirithe, mar gheall ar na bearta atá beartaithe mar is iad sin na fiontair is mó a dteastaíonn rialacha nua maidir le hoibríochtaí

trasteorann uathu. Ní hacmhainn dóibh oibríochtaí trasteorann costasacha, indíreacha ná seicheamhacha. Is amhlaidh atá i gcás na mbeart atá beartaithe chun feabhas a chur ar uirlisí digiteacha atá de dhíth ar chuideachtaí beaga den chuid is mó ionas go laghdófaí costais agus go leanfaidís de bheith iomaíoch. Rachadh an chinnteacht dhlíthiúil a thugtar le rialacha na heasaontachta dlíthe chun tairbhe do na cuideachtaí sin freisin.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

An dúshlán is mó a bheadh ann bonneagair a thógáil nó a oiriúnú chun go bhféadfaí uirlisí agus próisis dhigiteacha a úsáid i ndlí na gcuideachtaí. Mar sin féin, mar a mhínítear faoi 'costais na rogha tosaíochta', níltear ag súil leis go mbeidh tionchar diúltach mór aige sin ar bhuiséid ná ar údaráis riaracháin náisiúnta de bharr barainneachtaí scála.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Bheadh tionchar dearfach ag an bpacáiste ar iomaíocht agus iomaíochas de bharr breis deiseanna gnó sa Mhargadh Aonair. Dá dtabharfaí isteach rialacha comhchuibhithe maidir le húsáid uirlisí digiteacha agus oibríochtaí trasteorann, bheadh sé ní b'éasca agus ní ba chost-éifeachtúla cuideachtaí a chur ar bun i mBallstát nó thar an teorainn i mBallstát eile agus oibríochtaí a bhunú i mBallstáit eile. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar dearfach ag gnóthachain éifeachtúlachta cuideachtaí ar thomhaltóirí ó thaobh praghais agus soláthair de. D'fhéadfadh comhlachtaí oiriúnú do réaltacht an mhargaidh (e.g. deiseanna gnó luaineacha), rud a mbeadh iomaíocht bhreise mar thoradh air. Ba cheart go spreagfaí fiontraíocht agus nuálaíocht trí úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha mar go soláthrófaí tuilleadh deiseanna le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha a bhunú. Maidir le hoibríochtaí trasteorann de chuid cuideachtaí, a bhuí leis an bpacáiste, sholáthrófaí cosaint bhreise d'fhostaithe ar fud an Mhargaidh Aonair i gcomparáid leis an staid mar atá.

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Ba cheart an beartas a athbhreithniú 5 bliana tar éis na rialacha iomchuí a ghlacadh nó a thrasuí.